

Ainm an Tionscadail	Tionscadal Béaloidis Ghaeltacht Thír Chonaill
Buntaifeadh	T12
Ainm an Agalláí	Barney Coyle
Ainm an Agallóra	Dónall Dinny Ó Gallachóir
Dáta an Agallaimh	10/04/2006
Suíomh an Agallaimh	Bun An Inbhir
Ainm an Tras-scríbhneora	Gráinne Ní Eireamhóin

(gáire)

(sos)

(--)

\ _____ '

\ _____ +'

....

[]

Tús bréige**Focal dothuigthe****Níos mó ná focal amháin dothuigthe****Beirt ag caint ag an am amháin****Nóta déanta ag an tras-scríbhneoir**

DÓNALL: Anois tá mé i mBun An Inbhir inniu ag Barney Coyle agus tá mé ag gabháil a thogáil traidhfil seanachais uaidh Bharney agus is iomaí scéal le inse aige. Chaith sé seal in Albáin agus as sin chuaigh sé go Meiriceá. Ach is dócha a Bharney go dtosóidh muid anseo i mBun an Inbhir agus do chuimhneacha ar d'óige. Anois a Bharney, ba mhaith liom tú labhairt ar d'óige agus do chuimhneacha ag éirí aníos i mBun An Inbhir, bhí siopa anseo agaibh ar dtús báire creidim agus

BARNEY: Bhuel, bhí siopa againn, ag mo mhuintir anseo ar feadh bliantaí bliantaí agus má tá a fhios agat an t-am sin a bhfuil a fhois agat, bhí an, bhí an, bhí an cuid mhór siopaí beaga thart ar na bailte uilig agus bhí, bhí, bhí siad, bhí réasún mór leo, because, bhéarfadh na daoine isteach uibheacha agus, agus rachadh siad na bhaile agus a gcuid earraí leo agus sin an saol beatha, breátha a bhí ann an t-am sin.

DÓNALL: Sin a bhí. Ní bheadh léir ceannacht ar na daoine, a Bharney. An bhfuil a fhios agat, tá mé ag rá sa chás 's bhí siad féin ag fás a gcuid prátaí agus a gcuid glasraí féin agus ansin creidim bheadh plúr agus ola agus na nithe beaga seo le ceannacht acu.

BARNEY: Bhuel sin, sea. Creidim plúr agus creidim, an t-aon rud tábhachtach a bhí le ceannacht, an bhfuil a fhios agat? You know? Cause déanfadh, dhéanfadh na mná tí, dhéanfadh siad cuid mhór bacála dena gcuid féin an t-am sin agus, agus, ní raibh,

ní raibh speisialta am an darna cogadh, an bhfuil a fhios agat, you know. Bhí rudaí, rudaí as [bower] gann agus bhí siopaí beaga iontach tábhachtach an t-am sin.

DÓNALL: Oh bhí. Agus bhí tréan acu ann a Bharney. Bhí an Cope thuas anseo. [beirt ag caint ag an am céanna]

BARNEY: Bhí, bhí, bhí, bhí, bhí siopa in achan cúpla baile, you know? Bhí, bhí agus mar a dúirt mé roimhe, iad iontach tábhachtach san am. Agus, rinne, rinne, rinne daoine, bhí siad, bhí siad iontach tábhachtach, because ní raibh carrannaí ar bith ann agus bhí daoine siúl achan áit agus, agus bhí siopaí iontach, iontach tábhachtach an t-am sin. Siopaí beaga. Bhí achan duine siúl, shiúlfá an Aifreann, shiúlfá, is cuma c'áit a mbeifeá ag gabháil. Ceart go leor, tháinig na rothair isteach ansin, agus bhí na daoine óga, you know ag gabháil ar rothar agus bhí sé ag éirí rud beag níos gaiste. But, (sos) even d'ínis m'athar domh féin, an bhfuil a fhios agat, you know, gur cycláil sé síos go Doire, síos go Doire agus fuair sé ar bhád Dhoire agus, é féin agus an bicycle agus tháinig sé dithi i nGlasgow agus cycláil sé suas go Berkshire [deireann sé Berwickshire], an áit a raibh sé ag obair ag Farmers thuas i mBerkshire, an t-am sin. Anois, nuair a smaointeofá tú ar sin, an bhfuil a fhios agat, nach raibh daoine, nach raibh daoine ag iarraidh, ní raibh mórán airgead ag daoine agus bhí daoine just ag gabháil ar aghaidh go saor agus thiocfadh leo agus déanamh rudaí go saor agus thiocfadh leo.

DÓNALL: Agus d'imeodh na fir, a Bharney mar a dúirt tú, san am sin, go séasúrach, anonn go hAlban agus sin a raibh fá na gcoinne.

BARNEY: D'imeodh. Bhí an áit seo iontach, ar dhóigh, an bhfuil a fhios agat, bhí muid, bhí muid iontach ádhúil ar dhóigh, because, bhí, bhí Alban i gcónaí ansin agus bhí, thiocfadh na fir na bhaile ag, ag, d'imeodh siad ag, ag, sa tsamhradh, luath sa tsamhradh agus bhíodh siad ag obair ag farmers thall in Alban, agus sin, sin an bealach a deachaigh mé féin nuair a bhí mé sé bliana déag, bhí mo lá breithe sé bliana déag agam thall in Alban, thall i Forfarshire ag obair ag farmer.

DÓNALL: So, Bharney, d'fhágadh daoine an t-am sin, bheifeá ar scoil, bheifeá ar scoil go dtí go mbeifeá ceithre bliana déag agus creidim go, ina dhiaidh sin ní raibh a dhath eile fá do choinne ach a ghabháil ar fostadh ná cibé caidé agus ar fhan tú féin fan bhaile tamall i ndiaidh na scoile?

BARNEY: Bhuel, mar a déarfá, d'fhág mé an scoil ag thart fá trí bliana déag ná, níl mé ar rá go raibh mé ceathair déag nuair a d'fhág mé an scoil tá mé ag déanamh go raibh mé fágtha níos luaithe. Ní raibh, ní raibh ard scoil ná, ná bhí, bhí, tá muid ag déanamh, sé an t-aon rud dá bhfuil cuimhne agam air a bhí san áit, bhí teicniúil scoil thuas in Loch an Iúir, ní raibh ansin ach traidhfil fá choinne carpenteróireacht agus b'fhéidir fá choinne rudaí mar sin. But ní raibh, ní raibh, ní raibh ard scoil de shórt ar bith ann, a dtiocfadh leat a ghabháil fhad leis mar a déarfá.

DÓNALL: Ní raibh, ní raibh an t-airgead ach oiread ag na daoine le daoine a chur ar aghaidh a Bharney.

BARNEY: Ní raibh, ní raibh. Bhí mo dheartháir agus mo dheirfiúr anois iontach ádhúil. Fuair siadsan scholarship as agus fuair siad ar aghaidh le dhul na coláiste faoi

DÓNALL: Bhí sin go maith.

BARNEY: Mo dheirfiúr go Baile Chonail agus fuair mo dheartháir go Muineachán agus rinne siadsan, bhí siad, tháinig siad amach na múinteoirí. (sos) Ach an chuid is mó de na daoine, ní raibh, ní raibh, ní raibh a dhath slí beatha ar bith sa bhaile. Daoine óga cinnte, i dtólamh tá siad ag cuartú, you know, is maith leo gráin beag airgead a bheith acu agus bhí airgead in Albain le saothrú agus b'é sin an áit a raibh siad uilig ag gabháil.

DÓNALL: So bhí, bhí macasamhail d'athair ag cur an chomhairle ort a ghabháil anonn. B'é sin mar a bhí, a Bharney?

BARNEY: Ah bhuel, bhuel, bhí, bhí sin an dóigh a deachaigh an chuid is mo de na daoine anonn bhí a gcuid deartháireacha thall an bhfuil a fhios agat, anonn is anall. Séasúir agus ansin bhéarfadh siad anonn a gcuid mic le obair ar an fheirm chéanna a raibh siadsan ag obair air, you know.

DÓNALL: Inis domh fá anois a Bharney, fá an chéad am a d'ímigh tú. Inis domh an scéal, do chuimhne ar sin agus creidim go raibh sé cruá go leor agus gan mórán, b'fhéidir nach mbeadh léir ar bith de Bhéarla agat a Bharney?

BARNEY: Bhuel, bhí, bhí.

DÓNALL: Measarthacht.

BARNEY: Bhí breac Béarla agam but ní raibh, ní raibh, ní raibh Béarla mór, ní raibh Béarla maith ar bith agam. Gan dabht ar bith. Agus bhí, bhí, bhí tú coinnithe ar gcúl go mór ó thairbhe sin, an bhfuil a fhios agat, you know. Ní raibh, ní raibh, agus ní raibh, you know, ní raibh. Níor fhoghlaim muid mórán Béarla ar an scoil. D'fhoghlaim muid rud beag ar an scoil but níor fhoghlaim mórán mar a déarfá but bhí tú coinnithe i gcúl go mór an bhfuil a fhios agat nuair a, nuair a d'ímigh tú ó thairbhe nach raibh Béarla, nach raibh tú ábalta é a labhairt mar is gceart. (sos) Ach ina dhiaidh sin, an bhfuil a fhios agat, phioc achan duine suas agus, agus, bhí siad, bhí siad in Albain, bhí siad na gcomrádaí ag a chéile go mór fosta, an bhfuil a fhios agat, you know, bhí, bhí.

DÓNALL: Ach a Bharney an deachaigh tusa anonn i gcuideachta d'athair nuair a d'ímigh tú don chéad uair.

BARNEY: Ní, ní dheachaigh. Fuair mé anonn, bhí dhá dheartháir de mo chuid thall, agus fuair mé anonn acusan agus leoga tá mo sháigh cuimhne agam nuair a d'ímigh mé oíche roimhe, oíche fhéile Eoin agus bhí muid ag cruinniú gréagán fá choinne oíche, oíche fhéile Eoin agus, agus (sos) oíche roimhe oíche, oíche fhéile Eoin, d'ímigh mé agus tá mé ag, tá mo sháigh cuimhne agam, bhí mo sháigh cumhaidh

[cumha] orm ag imeacht agus fágáil gan a bheith sa bhaile fá choinne oíche Fheil Eoin.

DÓNALL: Déarfainn sin.

BARNEY: Yes.

DÓNALL: So, ar imigh tú ag amach go Doire, a Bharney?

BARNEY: Oh, amach go Doire. Ní raibh ann ach an bád Dhoire an t-am sin agus anonn ar bhád Dhoire, oíche iomlán ar bhád Dhoire go, go Glaschú agus leoga an bád garbh, bheadh cuid mhór daoine ag cur amach uirthi agus leoga féin mar a dúirt an fear eile, bád garbh agus fuair mé, bhí mé le comharsanaí de mo chuid nuair a d'imigh mé an chéad uair ach bhí mo dheartháir mar a dúirt mé roimhe, bhí mo dheartháir, mo dheartháireacha thall romham agus, agus fuair mé ag obair ag an fheirm céanna. Bhí muid ag tógail cloicheacha thart ar an fheirm agus, agus bhí an, bhí an, bhí an obair iontach suimiúil anois. Agus phioc mé suas breá gasta agus bhí an, bhí an, bhí mé ag fáil, tá mo sháigh cuimhne agam an t-am sin agus sin chorr a bheith 1948 an bhfuil a fhios agat. Ní raibh an phá rómhór an t-am sin, but tá mo sháigh cuimhne agam air, bhí muid ag fáil punt[a] sa lá, an bhfuil a fhios agat.

DÓNALL: Bhí sin maith, san am. Yeah, bhí.

BARNEY: Sé phunta, sé phunta sa tseachtain. Bhí sin is bowartha [?] maith an bhfuil a fhios agat you know.

DÓNALL: Agus ansin bhí tréan oibre i ndiaidh an chogaidh thall, a Bharney, an raibh, tréan oibre?

BARNEY: Oh, bhí, bhí tréan oibre ann agus rinne mé, rinne mé bliain nó beirt ag na farmers ansin agus, agus thosaigh na hydroelectrics jobs thíos in sa, Albain, íochtar na hAlbana agus bhí cuid mhór oibre thíos ansin, bhí siad, bhí cuid mhór mar tá a

fhios agat tollánáil ag gabháil ar aghaidh an t-am sin. Agus d'obair mé traidhfil maith bliantaí sa tunnels. Bhí sin na obair iontach chrua agus leoga féin ní raibh, ní raibh, ní raibh mar a deir siad, ní raibh working conditions, ní raibh siad, ní raibh siad go maith ach oiread, an bhfuil a fhios agat, you know.

DÓNALL: No, bhí tú ag caite isteach ansin a dúirt tú.

BARNEY: Tá mo sháigh cuimhne agam air, bhí muid ag oibriú dhá uair déag agus bhí mé, bhí deich meaisín ag druileáil cloch chrua, an bhfuil a fhios agat agus ní raibh, ní raibh píosa amháin, rud ar bith againn lenár gcuid cluasa a shábháil

DÓNALL: Ní raibh? Jesus!

BARNEY: ón trup, ón trup agus tá a fhios agat féin, deich meaisín, you know druileáil cloich, carraig chrua agus ní raibh, ní raibh, ní raibh rud ar bith againn fá choinne ár gcuid cluasa a shábháil ón trup agus thiocfá amach i ndiaidh dhá uair déag agus run, run zing in do chluasa.

DÓNALL: Istigh in do cluasa agat.

BARNEY: Go dtí go rachfá isteach agus, ar ais agus ansin ní raibh, ní raibh, ní raibh, ní raibh sé, ní raibh sé iontach folláin mind you, ní raibh se folláin ar chorr ar bith.

DÓNALL: Bhí sibh ag caint, ní raibh meas ar bith oraibh ach caitheadh isteach sibh, go díreach.

BARNEY: Bhuel, bhí an, bhí an, bhí an, ar ais you know, bhí an t-airgead maith you know.

DÓNALL: Bhí airgead mór a shaothrú .

BARNEY: Bhí an t-airgead maith, bhí airgead mór ann an t-am sin, an bhfuil a fhios agat? Airgead maith, God, airgead na smaoineofá, na smaoineofá, you know go raibh, go raibh tú saothrú oiread ar shiúl as baile an bhfuil a fhios agat, you know?

DÓNALL: A Bharney bhí sé ag cur isteach uaireanna fada dhá uair déag.

BARNEY: Ah, bhí muid ag cur isteach uaireanna fada agus an chuid is mó de sé lá na seachtaine agus ansin ina chónaí in campannaí, b'fhéidir sé nó seacht chéadta daoine ina gcuid de na campannaí, bhí

DÓNALL: So, an raibh sin garbh i gcuid acu, a Bharney?

BARNEY: Oh, bhí, bhí, bhí siad iontach garbh because ní raibh, ní raibh even ní raibh an bia maith, an bhfuil a fhios agat you know, ní raibh. Ní raibh an bia maith, tá cuimhne agam, you know, gheofá kipper fá choinne chorr a bheith do bhriceasta ar maidin, an bhfuil a fhios agat. Agus you know, tá a fhios agat féin, kipper, you know ní raibh, ní raibh mórán

DÓNALL: Ní raibh teacht aniar ann

BARNEY: Ní raibh mórán teacht aniar ann, ann.

DÓNALL: Anois, bhí tú ag rá, ní raibh mórán teacht aniar ann.

BARNEY: Eh, bhuel mar a dúirt mé roimhe, bhí an, ní raibh, ní raibh an bia rómhaith sna campannaí agus bhí an obair breá crua anois, agus bhí, bhí an, bhí sé miallann agus leoga féin bheifeá fliuch báite.

DÓNALL: T-uisce sileadh anuas.

BARNEY: T-uisce sileadh anuas agus t-uisce ag teacht isteach i do dhiaidh sa tollán an bhfuil a fhios agat, dá mbeifeá ag gabháil, dá mbeifeá ag gabháil. Tá an tollán i

gcónaí, tá, tá siad ag druileáil, nuair a thosaíonn siad ar druileáil tollán/tunnel, tosaíonn siad ag gabháil bhuel suas, suas, tá siad ag tabhairt iarraidh ar a chéile. Agus tá gang ag gabháil suas an bealach agus gang ag gabháil síos you know. Agus dá mbeifeá ag gabháil síos bhí an t-uisce i gcónaí ina rith i do dhiaidh, an bhfuil a fhios agat, you know? Whereas dá mbeifeá ag gabháil suas, bheadh an t-uisce ag imeacht uait, an bhfuil a fhios agat, you know.

DÓNALL: An dtug siad éadú maith oibre ansin daoibh, a Bharney macasamhail istigh ansin?

BARNEY: Ní raibh, ní raibh éadú dá bhfuil cuimhne agam air go maith, ní raibh éadú speisialta ar bith. Ní raibh, chaithfeá do chuid éadaigh féin a cheannacht

DÓNALL: Dia sábháil, bheifeá fliuch báite tráthnóna agus

BARNEY: Ó, bheifeá fliuch báite tráthnóna agus even, bhí sé olc go leor anois, nuair a, nuair a ghearrfá just giota do do bhlaincéad a bhí ar do leabaí agus sin an stocaí a bheadh ort in sna buataisí, an bhfuil a fhios agat?

DÓNALL: Dia sábháil.

BARNEY: Yeah, yeah, yeah.

DÓNALL: So, chaithfeá a bheith ag amharc i do dhiaidh féin a Bharney, go mór

BARNEY: Chaithfeadh agus leoga fuair, fuair daoine go leor isteach in droch shláinte, an bhfuil a fhios agat. Nach raibh, nach raibh ag amharc ina ndiaidh féin sa dóigh cheart.

DÓNALL: Bhuel, ansin bhí contúirt mhór istigh sna tolláns fosta, a Bharney, nach raibh?

BARNEY: Bhí contúirt mhór ann agus marbh, marbh, maraíodh traidhfil mór de mhuintir Dún na nGall ann in sna tolláns an t-am sin.

DÓNALL: An bhfuil cuimhne atá agat ar dhroch ócáidí mar sin, a Bharney?

BARNEY: Tá cuimhne agam, you know, níl cuimhne agam a dhath olc a fheiceáil, buíochas do Dia, an bhfuil a fhios agat, but, bhí muid in, in, in tunnels go leor, an bhfuil a fhios agat agus, agus, agus thitfeadh, thitfeadh cuid do anuas an bhfuil a fhios agat, you know. Bhí sé, bhí sé, bhí sé, bhí sé breá contúirteach an bhfuil a fhios agat.

DÓNALL: Bhí.

BARNEY: Bhí. Agus chaill daoine, chaill daoine méar agus chaill siad you know lámh agus chaill siad, bhí, bhí sé iontach contúirteach.

DÓNALL: Agus ar obair tú le go leor daoine as Gaoth Dobhair agus Na Rosa agus bhí muintir Na Rosann go leor.

BARNEY: Bhuel san am sin, in san iarthar na hAlbana, bhí rud bocht jeabanna hydroelectric jobs ag gabháil ann, an bhfuil a fhios agat, agus déarfainn go raibh, déarfainn go raibh ochtó fan gcéad dá mhuintir Dhún na nGall ag obair in sna tunnels an t-am sin, an bhfuil a fhios agat, you know, an bhfuil cuimhne go maith. You know, rachfá isteach ann agus bheadh shift iomlán go díreach de chorr a bheith muintir Dhún na nGall. An chuid is mó acu muintir Na Rosann agus Gaoth Dobhair, an bhfuil a fhios agat, you know. Agus, ach in 1957, d'fhag mise na tunnels agus

DÓNALL: Chaith tú traidhfil maith bliantaí ag gabháil do, a Bharney.

BARNEY: Ah chaith mé, chaith mé ocht nó naoi bhliana.

DÓNALL: Sea. D'éirigh tú tinn do go díreach creidim.

BARNEY: D'éirigh mé, d'éirigh mé tinn do agus ní raibh, ní raibh, ba mhaith liom fáil ar shiúl uaidh, an bhfuil a fhios agat.

DÓNALL: Caidé an plean a rinne tú Bharney caidé, ar imigh tú go dtí.

BARNEY: Ah, bhuel, bhí sé furasta go leor an bhfuil a fhios agat a dhul go Meiriceá an t-am sin agus smaoinigh mé, mé féin agus cara de mo chuid agus i 1957, fuair mé go, go New York an chéad uair. Bhuel an t-am sin, an bhfuil a fhios agat, ní raibh, ní raibh, ní raibh planes go mór agus tá sé ag gabháil an lá atá inniu ann. Agus b'éigean dúinne tiomáint síos go Cóbh, agus

DÓNALL: Agus tháinig tú na bhaile ar dtús ar tamall?

BARNEY: Tháinig mé na bhaile cúpla seachtain sular ár imigh mé. Tháinig, tháinig. Agus

DÓNALL: So thiomáint tú síos go Cóbh nó thiomáint tú

BARNEY: Bhuel, thiomáin mo dheartháir síos go Cóbh, mé féin agus mo chomrádaí agus, agus mar tá a fhios agat, ní raibh na liners mhóra ansin, ní raibh siad ábalta a theacht isteach go Cóbh agus d'fhágfadh siad Southampton mar a déarfá ar an bhealach go New York agus rachadh bád ansin amach as Cóbh, rachfá ar an bhád amach agus isteach ar an liner agus seachtain iomlán.

DÓNALL: A bhí tú seoladh go New York.

BARNEY: A bhí seoladh go New York, yeah.

DÓNALL: Dia sábháil.

BARNEY: Tá mo sháigh cuimhne agam nuair a, lá a tháinig mé i dtír in New York. Bhí se naocha degrees sa tsamhradh agus é is bower [?] iontach te, you know.

DÓNALL: Ní raibh tusa cleachtaidh leis an teas.

BARNEY: Ní raibh muidinne cleachtaidh leis an teas ar chorr ar bith, you know.

DÓNALL: Bheadh éadach trom ort creidim ag imeacht duit.

BARNEY: Bheadh éadach, éadach measartha trom orainn agus ní raibh mé cleachtaidh leis an teas sin ar chorr ar bith, but. Agus, leoga ní raibh, ní raibh am millteanach maith i Meiriceá an t-am sin ar chorr ar bith, mind you, you know. You know d'fhág muidinne actually, d'fhág muidinne tréan oibre in Albain agus bhí sé furasta go leor a ghabháil ag obair. But i Meiriceá ní raibh sé chomh furasta sin ar chorr ar bith you know, agus

DÓNALL: So, bhí agaibh le áit a chuardú le fanacht a Bharney agus áit le obair a chuardú agus

BARNEY: Bhuel, an cuid is mó de na daoine, you know. Bhí na ceadaí, na céadtaí ag imeacht an t-am sin, an bhfuil a fhios agat. Ní raibh, ní raibh , bhí chorr a bheith, ní raibh ar an bhád ag gabháil anonn dún ach chorr a bheith, you know, rud bocht Éireannaigh you know. Bhí siad as achan eile pháirt don, de Éirinn ag imeacht an t-am sin you know, agus tá mo sháigh cuimhne agam a bheith thuas ar deic agus muintir Chiarraí ann, damhsa agus a gcuid music féin acu. Déanamh a gcuid, déanamh an Highland Fling agus Stack of Barley agus na damhsaí sin thuas ar deic ar an bhealach go Meiriceá, you know.

DÓNALL: So chur tusa aithne ar go leor daoine creidim ar feadh tamall ag gabháil anonn?

BARNEY: Ah, fuair mé aithne ar chuid mhór daoine, bhí sé galánta ar an bhád an bhfuil a fhios agat, agus bhí seachtain, an bhfuil a fhios agat, creidim féin, go dtabharfá seachtain laetha saoire air.

DÓNALL: Ag an am chéanna, ní raibh a fhios agat caidé bhí a romhat, a Bharney

BARNEY: Bhuel, ní raibh a fhios, ní raibh a fhios, agus bhí sin é cinnte. Ní raibh a fhios agat caidé bhí romhat ar chorr ar bith. Ní raibh a fhios agus, ach mar a dúirt mé roimhe, an chuid is mó de na daoine ag gabháil anonn, bhí daoine thall roimh ré acu an bhfuil a fhios agat agus

DÓNALL: Bhí. Bhí áit acu le fanacht.

BARNEY: Áit acu le fanacht. Agus bhí, bhí comharsanaí as mo bhaile féin agus d'fhan muid aicise

DÓNALL: Bean as Bun an Inbhir?

BARNEY: Bean as Bun an Inbhir. Sea. Bean as Bun agus d'fhan muid aicise. Ah, d'fhan muid aici leoga cúpla seachtain go bhfuair muid, yeah. But, fuair mé féin amach ag quartú oibre agus fuair mé jab in gcúpla seachtain. (sos) Ag obair ar construction an t-am sin an bhfuil a fhios agat?

DÓNALL: Sea, thug sin tús duit ar scor ar bith, Barney, you know.

BARNEY: Eh, thug sé tús agus, but bhí an obair breá crua i Meiriceá mar tá a fhios agat níl a dhath, níl a dhath, níl a dhath bog le fáil i Meiriceá agus, speisialta ag obair ar construction. Níl, níl, níl. Tá sé, agus ansin an teas, teas lena chois, an bhfuil a fhios agat?

DÓNALL: Bhí sin go doiligh, nach raibh. Bhí sin doiligh a ghlacadh?

BARNEY: Bhí sé, bhí sé, bhí sé, bhí leoga, bhí. Ach, d'obair mé ar construction ansin i New York agus phioc mé suas breá gasta agus thosaigh mé, a dhéanamh rud beag carpentóireachta.

DÓNALL: Sea.

BARNEY: An bhfuil a fhios agat agus

DÓNALL: Tháinig sin leat.

BARNEY: Tháinig sin liom iontach gasta agus

DÓNALL: An mbeifeá ag gabháil de macasamhail shutteráil agus rud mar sin, rud garbh ná?

BARNEY: Sea, ag gabháil dá concrete an chuid is mó den am, sea, sea. Agus ansin, bhí sé breá doiligh fáil isteach sna unions, an bhfuil a fhios agat? Bhí na unions iontach, an láidir i New York agus, dá mbeifeá fá choinne pá mhaith a fháil agus chaithfeá a bheith in Union, an bhfuil a fhios agat, you know. Agus, fuair mé isteach sa, in Union i gcarpentry agus i New York agus bhí, d'obair mé ansin sé bliana go dtí 1962. Agus ansin, bhuel tháinig mé na bhaile iarraidh amháin istigh eatarthu sin, tháinig mé na bhaile ar feadh, ar feadh, tá mé ag déanamh trí seachtaine mar a déarfá nuair a bhí mé ceithre bliain ar shiúl, you know. Agus mheetáil mé mo bhean chéile an t-am sin ag damhsaíocha, ag damhsa. Bhí tréan damhsaíocha an t-am sin agus an taos óg uilig ag gabháil ag damhsaíocha agus mheetáil mé mo, casadh orm an bhean chéile ann agus. Ach d'ímigh mé ar ais anonn agus in dhá bhliain eile tháinig mé anall agus an, nuair a bhí mé, bhuel d'fhan mé tamall maith sa bhaile an t-am sin agus pósadh muid agus d'fhan mé sa bhaile agus thosaigh mé ag obair ar, ar, ar tógáil tithe, an bhfuil a fhios agat. Bhí rud beag oibre.

DÓNALL: Bhuel, bhí sé ag biseadh, tá mé cinnte go raibh tú ag feiceáil athrach.

BARNEY: Bhí rud beag athrach ag teacht ar an áit an t-am sin agus bhí rud beag níos mó airgead ag achan duine an bhfuil a fhios agat, you know. Agus, but ní raibh, ní raibh a dhath mór ag gabháil san am céanna an bhfuil a fhios agat. Bhí sé ag biseadh rud beag. Bhí traidhfil comrádaí de mo chuid ag obair in Alaska agus bhí mé ag caint leo agus in, in 1969 tá mé ag déanamh. D'imigh mé ar ais go Meiriceá agus, agus fuair mé go Alaska an iarraidh seo. Agus bhí, bhí tréan oibre in Alaska mar atá a fhios agat, tír, state iontach mór, Alaska. Tá sé ar ceann de na, mórán ceann de na states is mó i Meiriceá. Agus, but chaithfeá, tá sé, tá sé iontach scaite, an bhfuil a fhios agat? You know?

DÓNALL: So, thosaigh tú ag obair tógála arís, a Bharney?

BARNEY: Thosaigh mé ag obair, ag obair ar construction ar ais agus ag déanamh carpenterdóireacht in Alaska. Agus bhí tréan oibre ann, agus bhí an, bhí an, bhí an airgead maith ann. Agus, but bhí mé pósta an t-am sin agus thiocfainn na bhaile achan, ag an Nollag i gcónaí.

DÓNALL: Sea.

BARNEY: Ach bhí sé breá crua orainn, an bhfuil a fhios agat, bhí sé crua ar an, ormsa agus bhí sé crua ar an bhean an tighe cos, ní raibh, ní raibh, you know bhí muid ar shiúl óna chéile bhí, tá muid ag déanamh duine nó beirt teaghlaigh againn an t-am sin agus bhí sé breá crua. But, choinnigh mé ag gabháil anonn agus anall go Alaska ansin ar feadh, thar scór bliain, actually. You know. Go dtí 1992. But, mar dúirt mé roimhe, tír iontach mhór, Alaska agus tír iontach shaibhir atá ann agus tá cuid mhór, tá cuid mhór ola inti, cuid mhór, agus mar tá a fhios agat tá cuid mhór iascaireacht, tá iascaireacht inti is fearr, thar a bheith, is fearr, is fearr, is fearr ar an domhan.

DÓNALL: Tá, saibhreas ann.

BARNEY: Faigheann siad níos mó bradán creidim féin in Alaska ná faigheann siad, ná faigheann siad anseo. You know, tá áit amháin in Alaska, Bristol Bay agus faigheann siad thart fá 25 milliún bradán achan eile bhliain.

DÓNALL: Yeah

BARNEY: Agus.

DÓNALL: Tá léir daoine ag saothrú a mbeatha ar an iascaireacht?

BARNEY: Tá cuid mhór daoine ag saothrú a mbeatha ar an iascaireacht. Tá. Agus cuid mhór. Agus ansin thosaigh na Trans-Alaska pipeline i 1974. Agus bhí sin, bhí sin na jab iontach mhór. Bhí mar, mar, fuair siad an ola thuas in san Arctic. Taobh istigh den Arctic Circle thuas in áit a dtugann siad Prudo Bay. Agus bhí acu le é a thabhairt 900,000 go dtí port nach mbeadh oighear ar bith ann. Agus ach an chéad uair, bhí bealach mór le déanamh acu agus campanna le suiteáil suas acu. Agus bhí, bhí, bhí seo ina jab mhillteanach agus chosain sé, chosain sé ní milliúin, but chosain sé cúpla billiúin.

DÓNALL: Yeah.

BARNEY: Agus, mar a dúirt mé roimhe, thosaigh siad an chéad uair agus rinne siad bealach trí nó ceithre chéadta míle agus rinne siad an bealach sin ann, ann mustír chorr a bheith taobh istigh de bhliain.

DÓNALL: Jesus, bhí léir daoine ag obair ar sin, a Bharney.

BARNEY: Bhuel bhí, bhí, bhí agus campanna ansiúd agus anseo agus iad ag obair in, ar dhá bhealach óna campanna. Thóg siad an bealach sin agus tá sé

DÓNALL: Taobh istigh de bhliain.

BARNEY: Taobh istigh de bhliain agus é trí nó ceithre chéadta, chéadta míle ar fad. Agus mar tá a fhios agat, níor, níor, níor, ní thiocfadh leo na bealtaí ansin a tharráil because tá permafrost sa talamh

DÓNALL: Sea, ní mhairfeadh sé ann

BARNEY: Ní mhairfeadh, ní mhairfeadh sé ann agus níor, níor, níl sa bhealach seo ach graibhéal uilig i rith an bhealaigh ar feadh na cúpla céad míle. But, bhí, bhí cuid mhór obair agus bhí cuid mhór campanna le, le, agus bhí an ola le tabhairt mar a dúirt mé naoi gcéad míle go dtí áit a dtugann siad Valdize air, agus

DÓNALL: Caithfidh sé go bhfuair tusa tú féin é nuair a bhí tú ag obair ansin an fuacht, a Bharney? Caithfidh sé go raibh sé nimhneach, an raibh frostbites?

BARNEY: Bhí sé, bhí sé, bhí sé. Sin an rud a ba mheasa, bhí an, bhí an. Bhí sé millteanach fuar.

DÓNALL: Cad é chomh fuar is a bhí sé a Bharney in amanna?

BARNEY: Óra, bheadh sé, bheadh sé, bheadh, bheadh, ach go bé go raibh tú ag caitheamh Arctic Gear, an bhfuil a fhios agat. Ní raibh, ní raibh seans ar bith agat

DÓNALL: Ah, no.

BARNEY: Mairstean ar chorr ar bith. Chaithfeá, chaithfeá chan péire amháin miotógaí, but chaithfeá dhá phéire miotógaí a bheith ort agus, agus do, d'aghaidh a bheith, ná mar a deir siad féin na balaclavas, a bheith ar d'aghaidh. Bheith clúdaithe, chaithfeá achan pháirt do do, do bhody a bheith clúdaithe nach ní, ní.

DÓNALL: Bheadh sibh amuigh thíos faoin ró-phointe, giota maith thíos faoi.

BARNEY: Óro, bheadh sé, bheadh sé trí, tríocha faoin, tríocha agus ceathracha. Agus chonaic mé caoga below zero.

DÓNALL: Oh my God. Sea, ba dhoiligh sin a sheasamh.

BARNEY: Bhí sé, bhí sé, bhí sé, bhí sé, iontach d'éireofá, d'éireofá just d'éireofá tuirseach ag amharc ar, tuirseach ag amharc ar sneachta. Lá i ndiaidh lá eile, sneachta, sneachta.

DÓNALL: Sin é. Bheadh sé i do dhallú go díreach, nach mbeadh?

BARNEY: Agus bhí an talamh, bhí an talamh go crua ann agus, agus go crua leis an urlár sin. Agus ní raibh an. Sa tsamhradh anois, d'athraíodh sé, d'athraíodh sé rud beag agus thosaíodh an talamh thawáil, b'fhéidir, b'fhéidir síos, b'fhéidir troigh nó beirt. Ach ansin

DÓNALL: But ní imíodh sé choíche as an talamh?

BARNEY: Ní imíodh sé choíche. Bhí an permafrost sa talamh

DÓNALL: An t-am ar fad

BARNEY: I rith na bliana. Ní imíodh sé ar chorr ar bith. Agus bhí, bhí muistear cúig mhíle is fiche fear ag obair ar an phroject sin. Ar feadh muistear mhair sé, cuid mhaith de sé bliana atá mé ag deanamh.

DÓNALL: Jees, sin jab millteanach a Bharney? Na b'ea?

BARNEY: Yeah, yeah. Jab mór a bhí ann, yeah, yeah.

DÓNALL: Agus an bhfuil a fhios agat ansin ó thaobh transport do, Bharney? Caithfidh sé go mbeadh sé damánta doiligh a bheith ag bogadh thart ann?

BARNEY: Bhuel.

DÓNALL: Leis an méid sin siocán istigh sa talamh agus sneachta agus.

BARNEY: Eh, eh, bhuel, bhí Fairbanks an baile is deise don, don, don Arctic Circle mar a déarfá agus flyáiladh na planes amach as Fairbanks agus bhí airstrip acu in Prudu Bay, a dtiocfadh leis na planes landáil agus ansin gheofá, gheofá bus go dtí an champ a raibh tú ag gabháil go dtí é. Bhí sé, ach ní raibh, ní raibh, ní raibh trioblóid ar bith a fáil thart, an bhfuil a fhios agat. Bhí, bhí, bhí sé, bhí sé furasta go leor an bhfuil a fhios agat. Sin muna dtiocfadh, thiocfadh rud a dtugann siad Whiteouts air an bhfuil a fhios agat agus mhairfeadh sé mustír ar b'fhéidir dhá lá corr uair, ní bheifeá ábalta dhath, ní bheifeá ábalta feiceáil cúig troighe romhat an bhfuil a fhios agat.

DÓNALL: Sea, bhí mé ag rá

BARNEY: Sneachta, sneachta

DÓNALL: Bhí sé i do dhallú, go díreach.

BARNEY: Bhí sé i do dhallú agus mhairfeadh sé chorr a bheith dhá lá agus nuair a, nuair a d'amharcófá amach chorr a bheith i ndiaidh an dá lá bhí cnoc sneachta chorr a bheith in áit nach, nach, nach raibh a dhath inné. Bhí, bhí, bhí

DÓNALL: A Bharney, an raibh dúil agat in Alaska nuair a d'fhan tú an fhad sin ann is caithfidh sé go raibh?

BARNEY: Bhuel, bhí dúil agam in Alaska, because of, bhí se ar dhóigh an bhfuil a fhios agat rud beag cosúil le Éirinn an bhfuil a fhios agat. You know.

DÓNALL: Sea. Áit iarghúlta.

BARNEY: Bhí áit of. Sea agus, you know. Níor, bhí cuid mhór oibreannaigh, bhí tú i gcónaí meascadh le oibreannaigh agus le daoine agus an bhfuil a fhios agat bheadh, bheadh craic mhaith ag gabháil agus ní mhothófá an t-am ag gabháil isteach agus, bhí sé, bhí cuid mhór, bhí se suimiúil.

DÓNALL: Bhí. Agus an raibh na daoine go deas a Bharney?

BARNEY: Bhuel, mar tá a fhios agat an chéad ndaoine a bhí in Alaska an chéad uair, na Indians agus na Eskimos agus tá, má théann tú amach sna villages in Alaska.

DÓNALL: Tá siad ann go fóill.

BARNEY: Tá siad ann go fóill ann, I mean. You know, níl, níl, bhí siad an t-am sin agus i bhfad roimhe sin, bhí siad ina chónaí in igloos an bhfuil a fhios agat, you know. But d'athraigh sin go mór, tá an stáit breá saibhir anois agus thóg siad tithe daofa agus tá na, mar a deir siad féin leis na mod-cons uilig acu anois chorr a bheith.

DÓNALL: Ach mar a dúirt tú, tá an Stáit saibhir, a Bharney.

BARNEY: Ó, tá an Stáit iontach saibhir. Tá, tá, tá an, tá an. Thosaigh siad a chur, d'oscail siad fund, bhí siad, ag cur cuid den airgead a bhí siad fháil ón ola. Tá an ola anois pumpáilte, tá dhá staisiún déag ar an ola, ó thioctadh sí amach as an talamh go bhfuil sí réidh le cur ar an tancaer, in Valdize. Tá sí pumpáilte naoi gcéad míle agus dhá staisiún déag ar a, ar a, ar feadh na naoi gcéad míle sin, pumpáil an ola. Agus ansin a phumpáil isteach ar a, ar a, ar na oil tancaers a thabhairt anuas go, go, go Meiriceá, California agus Washington i Meiriceá.

DÓNALL: Tá sin a fhágáil saibhir, a Bharney, an ola sin?

BARNEY: Tá an, tá an, tá an. Mar a dúirt mé roimhe, d'oscail siad fund agus tá mustír, tá, tá billiún istigh sa fund sin anois, tá billiún, billiún istigh sa fund sin anois agus tá Alaska ar stáit go saibhir agus, agus tá Meiriceá anois.

DÓNALL: Ar mhaith leat pilleadh ar ais a Bharney ar na áiteacha uilig a raibh tú ná an ndéanann tú sin am ar bith.

BARNEY: Ah bhuel, tá m'íníon, bhí cuid mhór de mo theaghlach

DÓNALL: Ina gcónaí

BARNEY: Ina gcónaí. Fuair siadsan nuair a d'fhás siad suas an bhfuil a fhios agat, fuair siad, chaith, fuair siad go New York. Bhí siad uilig in New York ag obair. Agus tá, tháinig siad ar ais abhaile an bhfuil a fhios agat agus phós siad agus tá teaghlaigh acu anseo anois. But tá iníon agam i New York go fóill agus théann muid ar ais, mé féin agus mo bhean chéile.

DÓNALL: Minic go leor?

BARNEY: Théann muid ar ais uair amháin sa bhliain an bhfuil a fhios agat. But níor, níor dheachaigh mé ar ais go Alaska, because, ní, ní, tá sé, tá sé giota fada ar shiúil an bhfuil a fhios agat agus ní, ní, ní bheadh. Níl mé ag rá go mbeadh, go mbeadh

DÓNALL: Ní bheadh fonn ort

BARNEY: Ní raibh mórán suim, fonn orm. Mar dúirt mé roimhe, tá mé ag déanamh go bhfaca mé go leor sneachta, you know.

DÓNALL: Agus an fuacht sin, ba dhoiligh athrach go díreach just éirigh cleachtaidh le sin arís.

BARNEY: Bhuel ní éireoidh tú cleachtaidh choíche le fuacht, an bhfuil a fhios agat, you know. Déarfadh daoine, you know. Tá tusa breá cleachtaí leis, you know, ní éireoidh cleachtaí choíche le fuacht, an bhfuil a fhios agat. Nuair atá sé fuar

DÓNALL: Bheadh sé do-chreidte. 50 below mar a dúirt tú.

BARNEY: Sin é, sin é.

DÓNALL: Tá sé mar a Sam Mc Gee ann.

BARNEY: Tá, tá, tá, tá, tá, tá, níl éireofá cleachtadh choíche le fuacht agus ní éireodh.

DÓNALL: A Bharney, chaith tú saol iontach suimiúil, an bhfeiceann tú dá gcuirfinn ceist iontach ort anois? Ar mhaith leat sin a dhéanamh arís, tá mé ag éirí aníos arís, a Bharney. Ná caidé do bharúil ar do shaol go ginearálta. Bhí sé suimiuil, caithfidh mé, mé féin a rá.

BARNEY: Bhuel, mar a dúirt mé roimhe an bhfuil a fhios agat, bhí muid, bhí muid iontach ádhúil ar dhóigh an bhfuil a fhios agat. D'fhás muid aníos agus bhí, bhí, bhí really bhí carefree life againn, an bhfuil a fhios agat you know. I gcomparáid leis an tsaol atá ann inniu.

DÓNALL: Atá anois ann, sea.

BARNEY: You know, agus bhí, bhí, bhí dúil agam i gcónaí damhsa agus dúil agam i gcónaí in music agus bhí suim, suim agam i gcónaí agus tá suim mór agam, théim ag na céilíocha anois.

DÓNALL: Suim agat sa cheol.

BARNEY: Suim agam sa cheol agus in sa, in damhsaí na hÉireann agus na céilís agus but, bhí, bhí déarfainn an bhfuil a fhios agat, go raibh saol maith go leor ann an bhfuil a fhios agat, don am, don am an bhfuil a fhios agat, you know. I gcomparáid le inniu an bhfuil a fhios agat. Mothóidh tú an oiread scéaltaí nach bhfuil go maith sin an lá atá inniu agus déarfadh tú leat féin, bhí muidinne, you know

DÓNALL: Níos ádhúil ná sin.

BARNEY: Breá ádhúil, an bhfuil, an bhfuil a fhios agat ar a dhóigh an bhfuil a fhios agat. Agus sin an tuighe a ndeirim really, an bhfuil a fhios agat. Ní raibh, ní raibh droch shúil ar bith againn ar dhóigh an bhfuil a fhios agat, you know.

DÓNALL: Ach is é an rud go díreach a bhí ann fan am sin. Chaithfeadh daoine imeacht na ní raibh obair ann sa bhaile, a Bharney.

BARNEY: Bhuel, ní raibh, ní raibh obair ann sa bhaile agus, bhí sé ag tabhairt chance do dhuine ar bith a bhí ag fanacht sa bhaile an bhfuil a fhios agat. B'fhéidir dá mbeadh jabannaí ar bith ag gabháil iad a fháil, because bhí an chuid is mó de na daoine ag imeacht. Agus ní raibh, ní raibh an phá rómhór in Éirinn agus bhí achán duine a bhí ag teacht abhaile agus bhí siad ag caint ar an airgead a bhí siad ag déanamh. Agus bhí sin ag mealladh, mealladh

DÓNALL: Bhí, tá a fhios agam.

BARNEY: Cuid mhór de daoine óga lean imeacht fosta, an bhfuil a fhios agat, you know.

DÓNALL: Bhuel, nuair a bhí tú ag éisteacht leo agus tú i do fhear óg, bhí tú ag déanamh go raibh tú cailleadh rud in teacht.

BARNEY: Bhí tú ag déanamh, sin anois.

DÓNALL: Nach raibh tusa thall ansin nó cibé caidé.

BARNEY: Sea, sea, sea. Bhí tú ag déanamh go raibh tú cailleadh. Bhí, bhí.

DÓNALL: Ach creidim a Bharney nuair a théann tú ar ais go dtí d'athair an dóigh a thosaigh tú ag caint aige. Creidim go mbeadh sé níos deacaire san am sin imeacht leat, mar a dúirt tú, bhí rothar agus d'imigh siad, but is iomaí duine a d'imigh siúl ó seo go Doire agus, you know, nuair a théann tú ar ais cúpla gine eile, bhí an t-am níos crua a Bharney.

BARNEY: Bhuel sin an rud a deirim i gcónaí an bhfuil a fhios agat you know. Má tá tú ag déanamh, má tá tú ag déanamh go raibh am crua againne an bhfuil a fhios agat. Smaoinigh ar na generations a tháinig, tháinig romhainn you know. Agus na creatúir bhochta, you know. Bhí breac inteacht Béarla againn ag imeacht dúinn but ní raibh, ní raibh

DÓNALL: Ní raibh a dhath ar chorr ar bith acusan

BARNEY: Ní raibh a dhath ar chorr ar bith acusan agus na creatúir bhochta, you know, ní raibh oideachas mór ar bith againne nuair a d'imigh muid, but bhí níos lú ar ais acusan, you know because ní bhfuair siad, ní bhfuair siad scoláireacht ar bith. Even aunty de mo chuid, tá cuimhne agam í a bheith ag inse domh you know go raibh sí, go raibh sí amuigh ar an Lagán, ar fostadh nuair a bhí sí bhliain déag d'aois. An bhfuil a fhios agat, nuair a smaoinoidh tú ar sin an bhfuil a fhios agat. Tá a fhios agat, tá a fhios agat go maith nach raibh scoláireacht ar bith, nach bhfuair siad scoláireacht ar bith an t-am sin, you know. At least fuair muidne, fuair muid, fuair muid, bhí muid ag gabháil na scoile achan eile lá an bhfuil a fhios agat agus.

DÓNALL: Bhí, bhí tú réidh fá choinne an tsaol ar dhóigh you know.

BARNEY: Bhí, bhí

DÓNALL: But dúirt tusa an ghirseach óg sin, bhliain déag, amuigh ar an Lagán is gan.

BARNEY: Na seo é agus gan, gan, gan

DÓNALL: gan fios aici ar Béarla ar bith ná

BARNEY: gan í dhath ar bith ach ina tachrán.

DÓNALL: Ina tachrán, sea.

BARNEY: Ina tachrán. Yeah, bhí sé, bhí sé, bhí sé, bhí sé iontach, bhí sé iontach cruá. Bhí sé iontach cruá.

DÓNALL: Bhí sé cruá go leor, nach raibh? Cad é cineál airgead a bheadh d'athair ag saothrú nuair a d'imeodh sé, caidé do bharúil, a Bharney?

BARNEY: Tá, tá, d'ínis m'athar go minic domh an bhfuil a fhios agat agus d'obair seisean thuas i mBerkshire [mBerwickshire] bliantaí, bliantaí, bliantaí sular pósadh é. Agus d'ínis sé go minic domh gur obair sé, bhí sé chorr a bheith ag obair ag farmer amháin, chorr a bheith an cuid is mó den am agus gur obair sé ar scilling sa lá. Ar scilling sa lá, anois, tá a fhios agat féin scilling sa lá

DÓNALL: Gur beag a bhí ann

BARNEY: You know. Agus, agus níl muid ag caint ar, ar ocht n-uaire oibre. Tá muid ag caint ar ó bheadh lá geal ar maidin ann, go mbeadh, go mbeadh sé chorr a bheith dorcha tráthnóna.

DÓNALL: Ah sin go díreach é.

BARNEY: Your scilling sa lá anois. Ní shílfeá, shílfeá gur, shílfeá gur dhoiligh airgead a chruinniú air.

DÓNALL: Nach dhoiligh. Le bheith beo go díreach.

BARNEY: Shílfeá. Nuair a smaoinoidh tú air an bhfuil a fhios agat, caithfidh sé go raibh, caithfidh sé go raibh am iontach cruá anseo, an bhfuil a fhios agat. Nuair a bhí, nuair a bhí seisean ag obair ar scilling sa lá thall agus, agus go raibh sé ag déanamh, go raibh se i bhfad níos fearr ná bheadh sé sa bhaile.

DÓNALL: Agus ag cur corr phunta anall na bhaile, Dia sabháil.

BARNEY: Sea, sea.

DÓNALL: A Bharney, chonaic tusa ansin nuair a shuíonn tú anseo tráthnona, chonaic, tchíonn tú athrach mór ar an tsaol.

BARNEY: Orú, tá, tá, tá athrach millteanach ann, ann, ann, ar an tsaol le, le, le. Tá le even le scór bliain anois, tá athrach millteanach ar an tsaol. You know, I mean an dóigh a bhí muid ag fás aníos, ní raibh, ní raibh, ní raibh an t-uisce ag teacht go dtí teach ar bith agus ní raibh a leithéid de rud ann agus píopaí uisce. Agus ní raibh, ní raibh solas i dteach ar bith agus ní raibh electricity ar bith ann. Agus, thug na rudaí seo uilig, thug siad uilig, rinne siad difir mór de saol daoine, de saol na ndaoine. Nuair a smaoinoidh tú air, an bhfuil a fhios agat nuair a, nuair a. Ní raibh ag, cuid de na creatúir roimhe seo a just coinnle.

DÓNALL: Sin é.

BARNEY: Agus an chuid is mó acu ina chónaí in dtithe muiríne agus

DEIREADH TAOBH 1

DÓNALL: Gabh ar aghaidh, a Bharney.

BARNEY: Ní raibh teas ar bith ann, ann sna tithe ach an tine a bhí sa clúdaigh agus, but tá, but ar ais you know, bhí, bhí, bhí saibhreas mór ann

DÓNALL: Ar dhóigh eile

BARNEY: Ar dhóigh eile an bhfuil a fhios agat, you know. Chruinneodh, chruinneodh daoine, chruinneodh siad in, in dteacha (tithe) achan eile oíche agus shuíodh siad thart fan tine agus bheadh siad ag inse scéaltaí, agus bheadh siad ag comhrá agus bheadh siad ag caint le chéile. Ach nuair a smaointeoidh tú ar an lá atá inniu ann anois, tá, tá tú ag amharc isteach an bosca tv an bhfuil a fhios agat agus, agus. Níl, níl, níl duine ar bith ag caint le chéile an lá atá inniu ann.

DÓNALL: Níl, d'ímigh sin.

BARNEY: Bhí, bhí saibhreas, nuair a amharc tú é an bhfuil a fhios agat. Bhí saibhreas millteanach ann an t-am sin ar a dhóigh an bhfuil a fhios agat, you know. Bhí muid, bhí, tá, tá muid ag déanamh go raibh am cruu ann, but an bhfuil a fhios agat ar a dhóigh an bhfuil a fhios agat, níor shíl siad féin go raibh an bhfuil a fhios agat, you know.

DÓNALL: No, níor shíl siad féin a dhath de.

BARNEY: Níor shíl, níor shíl. Agus ansin thiocfadh siad na bhaile as Albain ag an Nollag agus bheadh siad uilig amuigh ag gabháil don talamh. Ag déanamh réidh an talamh agus ag déanamh réidh na bprátaí agus ag déanamh réidh fá choinne an churraíochta a bheadh siad ag cur sa talamh. Ar ais sula n-imeodh siad go Albain ar ais.

DÓNALL: Yeah, sin mar a bhí an saol, a Bharney.

BARNEY: Sea.

DÓNALL: Obair, obair agus obair a bhí ann go díreach.

BARNEY: Bhuel, sea. Bhí obair, but.

DÓNALL: Bhí sé fágtha crua ar na mná ansin sa bhaile nuair a d'imeodh na fir.

BARNEY: Bhuel bhí. Bhí sé fágtha. Bhí sé, bhí na mná, bhí sé fágtha crua orthusan ceart go leor, but. But bhí daoine an bhfuil a fhios agat, bhí daoine ghlacadh, ghlacadh go mór an t-am sin an bhfuil a fhios agat. Chuideodh siad le chéile go mór.

DÓNALL: Bhí sin maith mar sin, bhí, bhí.

BARNEY: Bhí sé maith ag cuidiú le chéile. Bhí. Nuair a bhíodh siad ag gabháil a thógail mhóna an bhfuil a fhios agat, you know bhíodh cruinnithe acu.

DÓNALL: Bheadh meitheal móna ann.

BARNEY: agus meitheal móna agus bhéarfá tusa lá domsa agus bhéarfainnse lá duitse agus you know, ní raibh, ní raibh chorr a bheith leithéid de rud ann agus, agus beirt ag baint mhóna, an bhfuil a fhios agat, bheadh i gcónaí, bheadh i gcónaí dhá sleán, dhá sleán cos bheir, bhéarfá tusa lá domsa agus bhéarfainnse lá do dhuine inteacht eile agus.

DÓNALL: Bhí sé ag déanamh an obair níos éadroime.

BARNEY: Bhí sé ag déanamh an obair níos éadroime agus bhí siad ag cuidiú le chéile.

DÓNALL: Bhí.

BARNEY: Agus ar ais nuair a bheadh an mhóin tirim you know. (sos) An bhfuil a fhios agat bheadh cruinnithe ag gabháil agus chuideodh siad le chéile, an mhóin a chruinniú agus. An bhfuil a fhios agat ar dhóigh an bhfuil a fhios agat bhí, bhí, bhí saol iontach, iontach.

DÓNALL: Saol deas ann ar dhóigh.

BARNEY: Bhí saol deas ann ar dhóigh, an bhfuil a fhios agat, you know. Yeah.

DÓNALL: A Bharney, agus tú ar shiúl na blianta sin, ar chrónaigh tú sin, an bhfuil a fhios agat, ag smaoineamh ar an bhaile?

BARNEY: Bhuel, tá mé ag déanamh go

DÓNALL: Amanna.

BARNEY: Tá mé ag déanamh go, go, go smaoiníonn daoine atá siúil as baile an bhfuil a fhios agat agus creidim, creidim féin anois nuair a amharcann tú ar an tír seo sa lá atá inniu ann an bhfuil a fhios agat. Tá cuid mhór immigrants istigh sa tír seo an lá atá inniu ann. Agus nuair a mhothaíonn mé féin cuid de na scéalta an bhfuil a fhios agat, an bhfuil a fhios agat nach bhfuil siad ag fáil, ag fáil amharctha ina dhiaidh mar is gceart an bhfuil a fhios agat. Cuireann sé isteach orm because of, you know tá mo sháigh cuimhne agam féin, nuair a bhí mé féin ar shiúl you know agus.

DÓNALL: Níor amharc aon duine siar ort.

BARNEY: Níl, agus sin, an t-aon rud, bheifeá i gcónaí ag smaoineamh ar an bhaile agus smaoineamh caidé an dóigh a raibh rudaí ag gabháil sa bhaile.

DÓNALL: Tá a fhios agam. Bhí sé cruá ar an duine a imíonn mar sin, tá tú fágtha.

BARNEY: Bhuel, tá sé, tá sé i gcónaí cruá an bhfuil a fhios agat fágáil, fágáil abhaile agus fágáil comharsanaí, fágáil.

DÓNALL: Do chairde agus saol eile.

BARNEY: Do chairde agus saol eile agus tá sé, tá sé iontach cruá an bhfuil a fhios agat. Aye. Aye.

DÓNALL: Bhuel a Bharney. Right a Bharney. Bhí muid ag caint níos luaithe go bhfuil scoth an cheoil agat, so b'fhéidir go gceolfá amhrán domh agus críochnóidh muid leis an téip ansin.

BARNEY: Ah bhuel, cúpla focal de, abair na véarsanna, beirt de, cibé ar bith.

There's one fair county in Ireland, with memories so glorious and grand
Where nature has lavished its bounty, it's the orchard of Erin's green land.
I love its cathedral and cities, once founded by Patrick, so true
And there in the heart of its bosom, lie the ashes of Brian Boru.

It's my own Irish home, far across the foam
Although I've oft times left it, in foreign lands to roam.
No matter where I wander, through cities near or far
Sure my heart's at home in old Ireland, in the county of Armagh.

I travelled a part of that county, through Newtown, Forbid, Crossmaglen
Around by the gap of Mount Norris and home by Blackwaters again.
Where the girls are so gay and so hearty, none fairer in Éireann go breá
Ah, but where are the boys that can court them, like the boys from the county
Armagh.

It's my own Irish home, far across the foam
Although I've often left it, in foreign lands to roam.

No matter where I wander, through cities near or far
My heart's at home in old Ireland, in the county of Armagh.

DÓNALL: Bulaí fir, a Bharney.

BARNEY: Ó, is grá geal mo chroí thú, Tír Chonail a stór
'Do luí mar bheadh seol glas an fharraige mhóir
Is molaim tú 'choíche go moch is go mall
Is molaim tú 'choíche mo shean Dún na nGall.

Tá teanga ár sinsear, a labhairt ann go fóill
Go milis binn snasta le amhrán is le ceol
Is molaim tú 'choíche go moch is go mall
Is molaim tú 'choíche mo shean Dún na nGall.

DÓNALL: Maith thú, a Bharney.

BARNEY: Ah tá traidhfil mór véarsaí ansin, but tá traidhfil mór, níl a fhios agamsa é.

DÓNALL: Tá sé maith _____ leis an Ghaeilge, a Bharney.

BARNEY: Yeah, yeah, yeah. Tá, tá, tá, tá.

DÓNALL: Go raibh míle maith agat a Bharney.